2025/919

21.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/919 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Bealtaine 2025

lena mbunaítear an coiste stiúrtha um Fhianaise a Ghlacadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh) ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1)(e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Rialachán (AE) 2020/1783, tá gach cumarsáid agus malartú doiciméad idir na cúirteanna agus údaráis eile arna n-ainmniú ag na Ballstáit faoin Rialachán sin le déanamh, mar riail, trí chóras TF díláraithe slán agus iontaofa atá comhdhéanta de chórais TF náisiúnta agus atá idirnasctha agus idir-inoibritheach go teicniúil, mar shampla, agus gan dochar d'fhorbairt bhreise na teicneolaíochta, bunaithe ar e-CODEX. Cuirtear an córas TF díláraithe chun feidhme laistigh de chóras TF díláraithe níos mó atá bunaithe ar e-CODEX ar a dtugtar 'JUstice Digital EXchange system' (JUDEX) (córas a úsáidtear chun faisnéis i réimse an cheartais a sheoladh nó a mhalartú go digiteach idir na rannpháirtithe) lena gceanglaítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le forbairtí cothrománacha.

(2) Leagadh síos na sonraíochtaí teicniúla, bearta agus ceanglais eile le haghaidh chur chun feidhme an chórais TF dhíláraithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/422 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Tiocfaidh an córas TF díláraithe chun bheith oibríochtúil an 1 Bealtaine 2025.

(4) Foráiltear le Rialachán (AE) 2020/1783 go bhfuil coiste stiúrtha le bunú ag an gCoimisiún a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach.

(5) Tá róil agus cúraimí na gcoistí stiúrtha faoi Rialachán (AE) 2020/1783 agus Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) faoi seach comhchosúil lena chéile, rud a fhágann go bhfuil sé caoithiúil agus costéifeachtach cruinnithe comhpháirteacha na gcoistí stiúrtha a thionól faoin dá Rialachán.

(6) Ba cheart rialacha maidir le faisnéis a nochtadh ag comhaltaí an choiste stiúrtha agus breathnóirí a leagan síos.

(7) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um chomhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta agus thráchtála,

([1]) IO L 405, 2.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1783/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/422 ón gCoimisiún an 14 Márta 2022 lena leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla, na bearta agus na ceanglais eile maidir le cur chun feidhme an chórais TF dhíláraithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2022, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/422/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1784/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú an choiste stiúrtha

Bunaítear leis seo an coiste stiúrtha de réir bhrí Airteagal 25(1)(e) de Rialachán (AE) 2020/1783, dá ngairtear 'an coiste' anseo feasta.

Airteagal 2

Cúraimí

I gcomhréir le hAirteagal 25(1)(e) de Rialachán (AE) 2020/1783 is é cúram an choiste oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach. Go háirithe, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) dul i gcomhar leis an gCoimisiún nó comhairle a chur air maidir le hoibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe chun fianaise a ghlacadh de réir Rialachán (AE) 2020/1783.

(b) malartú taithí agus dea-chleachtais a thabhairt i gcrích idir údaráis na mBallstát i réimse ghlacadh na fianaise in ábhair shibhialta agus thráchtála i ndáil le hoibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe chun fianaise a ghlacadh.

(c) plé a dhéanamh ar ábhair theicniúla, rioscaí agus dúshláin, lena n-áirítear tosaíochtaí cur chun feidhme, i bhfianaise fhorbairt agus chothabháil leanúnach an chórais TF dhíláraithe agus a chomhpháirteanna chun fianaise a ghlacadh.

Airteagal 3

Comhaltas

1. Is iad údaráis na mBallstát atá inniúil ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil i réimse ghlacadh na fianaise in ábhair shibhialta agus thráchtála le haghaidh úsáid an chórais TF dhíláraithe a bheidh ina gcomhaltaí den choiste.

2. Ainmneoidh údaráis na mBallstát a n-ionadaithe agus áiritheoidh siad go soláthróidh na hionadaithe ardleibhéal saineolais.

Airteagal 4

An cathaoirleach

Beidh ionadaí ón gCoimisiún ina chathaoirleach ar an gcoiste.

Airteagal 5

Oibríocht

1. I bprionsabal, is in áitreabh de chuid an Choimisiúin nó go fíorúil, de réir na n-imthosca, a bheidh cruinnithe an choiste.

2. Soláthróidh an Coimisiún seirbhísí rúnaíochta don choiste. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin ó ranna eile a bhfuil leas acu sna himeachtaí freastal ar chruinnithe an choiste agus a bhfochoistí.

3. Féadfaidh an coiste a chinneadh, trí thromlach simplí dá chomhaltaí, go ndéanfar a chuid plé go poiblí.

4. Na miontuairiscí ar an bplé a dhéanfar ar gach pointe ar an gclár agus ar na tuairimí ón gcoiste, beidh siad fóinteach agus iomlán.

Airteagal 6

Fochoistí

Féadfaidh an coiste fochoistí a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha ar bhonn téarmaí tagartha arna sainiú ag an gcoiste. Tuairisceoidh na fochoistí don choiste. Déanfar iad a lánscor a luaithe a chomhlíonfar a sainordú.

Airteagal 7

Breathnóirí

1. Féadfar stádas breathnóra a bhronnadh ar eagraíochtaí agus ar eintitis phoiblí nach údaráis na mBallstát iad, trí chuireadh díreach a chur orthu.

2. Eagraíochtaí agus eintitis phoiblí a cheapfar ina mbreathnóirí, ainmneoidh siad a n-ionadaithe.

3. Féadfaidh an Cathaoirleach cead a thabhairt do bhreathnóirí agus dá n-ionadaithe a bheith rannpháirteach i bpléitíi an choiste agus a fhochoistí agus saineolas a sholáthar. Ní bheidh cearta vótála acu, áfach, ná ní bheidh siad rannpháirteach i bhfoirmiú moltaí ná comhairle an choiste agus a fhochoistí.

Airteagal 8

Rialacha nós imeachta

Glacfaidh an coiste a rialacha nós imeachta le tromlach simplí dá chomhaltaí. Oibreoidh na fochoistí i gcomhréir le rialacha nós imeachta an choiste.

Airteagal 9

An rúndacht ghairmiúil agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil

Comhaltaí an choiste agus a n-ionadaithe, chomh maith le breathnóirí, tá siad faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla a leagtar síos sna Conarthaí agus sna rialacha cur chun feidhme a ghabhann leo, chomh maith le rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint faisnéise rúnaicmithe an Aontais, a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ([5]) agus 2015/444 ([6]) ón gCoimisiún. Mura n-urramóidh siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 10

Trédhearcacht

Cuirfear gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe ar fáil ar shuíomh tiomnaithe. Go sonrach, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcruinniú, agus foilseofar na miontuairiscí go tráthúil ina dhiaidh sin. Ní fhéadfar eisceachtaí ó fhoilsiú a dhéanamh ach i gcás ina meastar go ndéanfadh nochtadh doiciméid dochar do chosaint leasa phoiblí nó phríobháidigh mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

([5]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

([6]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

Airteagal 11

Costais a bhaineann le cruinnithe

1. Ní íocfar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an choiste agus na bhfochoistí as na gníomhaíochtaí sin.

2. Aisíocfaidh an Coimisiún na costais taistil agus chothaithe a thabhóidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an choiste agus na bhfochoistí. Déanfar an aisíocaíocht i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil chun acmhainní a leithdháileadh.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN